Ionaid

Beidh na himeachtaí go léir ach amháin an dá cheann thíos ar siúl i Seomra Bhaile Uí Bheacháin, Galway Bay Hotel, Bóthar na Trá, Gaillimh.

Fáiltiú: 'Seaview Lounge', Galway Bay Hotel

Turas treoraithe i nDrioglann Mhicil: Baileofar le chéile ag an bhFáiltiú, Galway Bay Hotel

Ticéid agus Eolas

Táille na Scoile*: €60 (mic léinn: €30)

*Ticéad d'imeachtaí uile na Scoile ach amháin don turas treoraithe.

Turas treoraithe i nDrioglann Mhicil: €18

Imeachtaí aonair: €15

Ticéid ar fáil ar líne ar www.eventbrite.ie

Féach www.merriman.ie le haghaidh na nascanna.

Facebook: @ScoilGheimhridhMerriman
Twitter: @CumannMerriman
Eolas: www.merriman.ie
Rphost: cumannmerriman@gmail.com

Scoil Gheimhridh Merriman 2023

27 - 29 Eanáir

Bláthú agus Buanú na Gaeilge: Oidhreacht, Éiceolaíocht agus Fiontraíocht

Galway Bay Hotel, Bóthar na Trá, Gaillimh

Le caoinchead ó Sheathrún Ó Tuairisg

Cumann Merriman

DCU Oilscoil Chathair Bhaile Átha Cliath Dublin City University

Urraithe ag Foras na Gaeilge

Institiúid Oideachais MARINO Institute of Education

Clár na Scoile

Dé hAoine 27 Eanáir 2023

6.00in **Clárú**

7.30in **Fáiltiú**

8.15in **Oscailt na Scoile**
An tOllamh Michael Cronin, Coláiste na Tríonóide

8.30in **An Fhiontraíocht - Crann Taca don Ghaeilge agus don Éiceolaíocht**
Anna Ní Ghallachair, Cathaoirleach Bhord Údarás na Gaeltachta, agus an Dr Emer Ní Bhrádaigh, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, i mbun allagair le Máire Ní Neachtain

10.00in **Club Merriman**

Dé Sathairn 28 Eanáir 2023

10.30rn **Siompóisiam:**
Ó Bhriathar go Beart: Cur chun cinn na hOidhreachta, na hÉiceolaíochta agus na Fiontraíochta
An Dr Ríonach Ní Néill, Ealaíontóir
Toner Quinn, Ceoltóir agus criticeoir
Diarmuid Ó Mathúna, Úinéir agus bainisteoir, POTA Café

Cathaoirleach: An Dr Trevor Herbert

1.45in **Turas Treoraithe i nDrioglann Mhicil**
Turas spleodrach, eolach ar dhéantús biotáillí agus traidisiún na stiléireachta, áit a léireofar mar a thug muintir Ghriallais ó Dhrioglann Mhicil leo an cheird sin óna sinsear i gCois Fharraige.

Ag teacht le chéile ag Fáiltiú an Óstáin, Galway Bay Hotel, agus ag siúl chuig Drioglann Mhicil, Oslo Bar, 226 Bóthar na Trá Uachtarach. Is oth linn nach bhfuil an Drioglann inrochtana ag cathaoireacha rothaí.

Ticéad: €18. San áireamh: Turas treoraithe 45–60 nóiméad agus blaiseadh uisce beatha. Tá líon na dticéad don turas seo teoranta agus moltar ticéid a cheannach roimh ré ag www.eventbrite.ie

5.00in **Seoladh Leabhar**
Culture, Contention and Identity in Seventeenth-Century Ireland: Antonius Bruodinus' Anatomical Examination of Thomas Carve's Apologetic Handbook
In eagar ag Giacomo Fedeli, Luke McInerney agus Brian Ó Dálaigh
(Cork University Press)
Á sheoladh ag an Athair Mícheál Mac Craith OFM.

Ó Chleamairí go Ceamaraí: Drámaíocht agus Taibhealaíona na Gaeilge faoi chaibidil
In eagar ag Éadaoin Ní Mhuircheartaigh, Róisín Ní Ghairbhí agus Pádraig Ó Liatháin (Cló Léann na Gaeilge)
Á sheoladh ag Gearóid Mac Donncha, Ceannaire RTÉ Raidió na Gaeltachta.

Reachtaire: An Dr Deirdre Nic Mhathúna

8.30in **Ag Treabhadh na dTonn: Eolaíocht agus Éiceolaíocht na Mara**
An Dr Emma Verling, MaREI, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus Macdara Ó Cuaig, Foras na Mara, i mbun allagair le Mairéad Ní Nuadháin.

10.00in **Club Merriman**

Dé Domhnaigh 29 Eanáir 2023

11.00rn **Dúchas agus Oiliúint: Léargas Físiúil ar Ghnéithe den Chultúr Ábhartha**
An Dr Críostóir Mac Cárthaigh, An Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath

Reachtaire: An Dr Róisín Nic Dhonncha

Stiúrthóirí na Scoile

Trevor Herbert, Róisín Nic Dhonncha agus Deirdre Nic Mhathúna.

Buíochas

Gabhann Cumann Merriman buíochas le Foras na Gaeilge, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Institiúid Oideachais Marino, Galway Bay Hotel.

Clúdach tosaigh: Grianghraf de charraigeacha cósta i gceantar Chois Fharraige. Le caoinchead ó Sheathrún Ó Tuairisg. **www.florachoisfharraige.ie**

Clúdach cúil: Grianghraf a glacadh ar Inis Oírr, Bealtaine 1957. Grianghrafadóir: Leo Corduff. Le caoinchead ó Chnuasach Bhéaloideas Éireann, An Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath

Taispeántais

Saíocht & Saoránacht: Tomás Ó Máille
Taispeántas faoi shaol agus faoi shaothar an chéad ollamh le Gaeilge in Ollscoil na Gaillimhe, Tomás Ó Máille (1880-1938) as Dúiche Sheoigheach, teangeolaí, léachtóir, eagarthóir nuachtáin, agus bailitheoir amhrán a chruthaigh mór-bhailiúchán fuaime de Ghaeilgeoirí as chuile chontae taobh thiar den tSionainn.

Féach **https://ollscoilnagaillimhe.ie/tomasomaille**

Flóra Chois Fharraige
Léargas ar phlandaí coitianta agus neamhchoitianta atá le feiceáil i gceantar Chois Fharraige, Co. na Gaillimhe. Féach **www.florachoisfharraige.ie**

Gabhann Cumann Merriman buíochas leis an Dr Deirdre Ní Chonghaile agus leis an Dr Seathrún Ó Tuairisg as an dá thaispeántas seo a chur ar fáil le linn Scoil Gheimhridh Merriman.

Cumann Merriman

Bunaíodh Cumann Merriman sa bhliain 1967 chun ainm agus saothar Bhriain Merriman a bhuanú agus ina theannta sin chun spéis a chothú i ngach gné de dhúchas na hÉireann agus de dhúchas Thuamhumhan, ach go háirithe an Ghaeilge, an stair, an litríocht agus an ceol. Cuirtear na cuspóirí seo i gcrích trí Scoil Gheimhridh a reáchtáil gach bliain.

Éarlamh
Micheál D. Ó hUigínn, Uachtarán na hÉireann.

Coiste Chumann Merriman 2022-2023
Cathaoirleach: Deirdre Nic Mhathúna
Leas-Chathaoirleach: Máire Ní Neachtain
Rúnaí: Caitríona Ó Dochartaigh
Cisteoir: Brian Ó Dálaigh
Rúnaí Ballraíochta: Claire M. Dunne
Mary Rose Greville
Trevor Herbert
Róisín Nic Dhonncha

Ballraíocht i gCumann Merriman
Is féidir clárú mar bhall de Chumann Merriman ach táille bhliantúil €30 a íoc. Fáiltítear roimh bhaill nua. Féach www.merriman.ie